Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Ros Comáin**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):**
Franziska Lienberger, Brian Farrell, Mural by Friz.

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhfheidhmeannach | 02 |
| 01 | Éire Ildánach 2023–2027 | 04 |
| 02 | Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i Ros Comáin | 06 |
| 03 | Aisling Chomhairle Chontae Ros Comáin maidir le hÉire Ildánach | 10 |
| 04 | Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 11 |
| 05 | Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Ros Comáin | 12 |
| 06 | An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Ros Comáin | 14 |
| | Mapa de Ros Comáin / Ceantair Bardais | 15 |


Comhairle Contae Ros Comáin
Roscommon County Council

# Réamhrá

**Réamhrá an Chathaoirligh**
I mo Chathaoirleach dom ar Chomhairle Chontae Ros Comáin, is breá liom an deis oibriú arís leis an gclár Éire Ildánach d'fhonn an timpeallacht cultúir agus cruthaitheachta a chaomhnú agus a chothú faoi na téamaí an Duine, an Áit, an Saothar agus an Comhar.

Leis an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027, daingnítear agus treisítear dúthracht Chomhairle Chontae Ros Comáin maidir le bunphrionsabail an chláir. Leagtar amach go sonrach freisin an cur chuige straitéiseach maidir le bearta cruthaitheachta, ealaíne agus cultúir a chothú sa chontae agus freastal dóibh i gcomhar páirtnéireachta le dreamanna pobail, le daoine den aos cruthaitheachta, le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí. Fónann tuiscint agus aird agus meas níos mó ar an áille éalaitheach, ar an gcruthaitheacht agus ar an nuáil, le tuiscint níos grinne a chothú ar shaíocht an chontae agus ar an mórtas as an dúiche chomh maith le bonn treise a chur faoi dhea-bhail an duine ionas go bhfeabhsaítear caighdeán an tsaoil ag daoine den uile aoisghrúpa i gContae Ros Comáin.

Is mian liom an tsárobair a thréaslú leis na ranna Ealaíne, Oidhreachta agus Leabharlannaíochta chomh maith le hIonad Ealaíne Ros Comáin a dhíríonn ar an bpobal ina gcuid beartaíochta ionas gur áisiúla teacht ar ghnéithe den chultúr ag an uile dhuine i gContae Ros Comáin. Is mian liom an dea-thoradh ar a gcuid saothair faoi Chlár 2018–2022 a thréaslú freisin le Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Ros Comáin mar aon leis na dreamanna pobail agus leis an aos cruthaitheachta agus táim ag tnúth le cur lenar baineadh amach lena linn sin i rith ré feidhme an dara Straitéis seo.

Go n-éirí an t-ádh leis an straitéis.

**An Comhairleoir Tom Crosby**
Cathaoirleach, Meitheamh 2022/2023

**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh**
Is clár lena mbaineann obair idir-rannach agus obair idirghníomhaireachtaí i gcomhar an clár Éire Ildánach 2023–2027 agus cuirtear an chruthaitheacht i gceartlár a bhfuil ndán do shaol na hÉireann. Tá an rannpháirtíocht agus an deis sin a dhéanamh lárnach maidir le haisling an chláir a thabhairt i gcrích, ionas gur féidir leis an duine ina saol pearsanta féin agus leis na daoine in éineacht sna hinstitiúidí, a bhfuil de mhianach cruthaitheachta ionainn a thabhairt i gcrích ionas go ndéantar maith don duine, don phobal agus don tír ar fad.

Bíonn fiúntas agus tairbhe chruthaitheacht an duine agus an phobail ina chothú maidir le saol agus dea-bhail phobal na comharsanachta agus buntábhachtach maidir le pobal beo bríomhar a chruthú agus a choinneáil ar bun sa chontae. Táimse den tuairim go mbeidh bearta cruthaitheachta agus cultúir ina chúis le cónascadh an phobail ar bhealach a chuirfidh bonn treise faoi chúrsaí eacnamaíochta agus a neartóidh tuiscint na féiniúlachta, a chaomhnóidh an cultúr agus a dhéanfaidh ceiliúradh ar an iléagsúlacht.

Feidhmeoidh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Chomhairle Chontae Ros Comáin ar bhealach lena ndéantar fónamh don aos cruthaitheachta i ngach réimse; lena gcuirtear leis an gcruthaitheacht i saol an uile dhuine, óg agus aosta; lena dtreisítear leis an gcaidreamh poiblí le cruthaitheacht den uile chineál; agus lena ndéantar infheistíocht inmharthanach de réir straitéise i ngnéithe den infreastruchtúr cultúir. Is dóigh liom go dtabharfar faoin Straitéis seo an cultúr agus an chruthaitheacht chun cinn sa chontae ar bhealach níos spleodraí agus níos nuabheartaí arís agus go gcoinneofar an borradh a cuireadh faoi chúrsaí faoin Straitéis roimhe seo faoin Straitéis roimhe seo.

Is ábhar áthais dom an Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta 2023–2027 a bheith á chur i láthair. Tá sé bunaithe ar dhea-bhail an duine,



Lawlor Family–Music Generation Ros Comáin–'My Creative Life' Cruinniú 2020. **Grianghraf:** Brian Farrell

ar chomhtháthú sóisialta agus ar fhorbairt eacnamaíochta le haird ar an bpáirt lárnach a bhíonn le cúrsaí cruthaitheachta agus cultúir san fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta ar Chontae Ros Comáin. Táim ag tnúth leis an dea-thoradh ar na cláir agus na tionscnaimh éagsúla agus leis an bhforás de réir a chéile i rith ré feidhme na straitéise.

**Shane Tiernan**
Príomhfheidhmeannach
Deireadh Fómhair 2022

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn–cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn Pobail Ildánacha leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá Pobail Ildánacha nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Ros Comáin agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Fir na Búille Gairm Scoile maidir le foilseacháin 2021. **Grianghraf:** Tony Murphy

# 2 Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i Ros Comáin

Leagfar béim faoi Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Ros Comáin ar na téamaí An Duine, an Áit, an Saothar agus an Comhar, d'fhonn cur leis na deiseanna i gcomharsanachtaí éagsúla páirt a ghlacadh i mbearta cruthaitheachta agus an chruthaitheacht atá sa duine a chur in iúl.  Leagtar amach sa straitéis an pháirt a bheidh ag Ros Comáin sa chlár Éire Ildánach as seo go ceann cúig bhliana le béim ar mhúnla maidir le dea-bhail an duine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta agus le haird ar an bpáirt lárnach atá ag an gcruthaitheacht agus ag an gcultúr maidir le hinmharthanacht eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Ros Comáin.

Tá Ros Comáin lom lán le gnéithe cultúir agus oidhreachta, contae na gcaisleán agus na rithe, na dtithe móra, na radharcanna scéimhiúla sa taobh tíre álainn. Sa chontae seo atá an áit inar cuireadh tús le hOíche Shamhna, lárphointe na hÉireann agus an réimse is faide den tSionainn, gnéithe a spreagann cuid mhór tograí cruthaitheachta lena mbaineann téamaí uisce agus miotaseolaíochta.  Tá forbairt ar thimpeallacht cultúir an chontae chun tosaigh in obair Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ros Comáin mar chuid den chlár Éire Ildánach.  Gníomhairí cultúir áitiúla atá ar an meitheal a fheidhmíonn mar chuid de chóras an údaráis áitiúil ag fónamh do dhream níos fairsinge den lucht ealaíne, oideachais, cruthaitheachta agus don lucht féachana  tríd an gcreatchóras maidir le cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta ar fud Ros Comáin a thabhairt i gcrích.

Tá cineálacha traidisiúnta agus cineálacha comhaimseartha cultúir ag baint le Contae Ros Comáin,  agus réimse modhanna éagsúla ar fáil mar sin inar féidir le daoine  bearta cruthaitheachta a thaithí ag imeachtaí ealaíne ardchaighdeáin arna gcur ar siúl ag daoine gairmiúla.  Cuirtear deiseanna iomadúla cruthaitheachta ar fáil freisin le féilte pobail i mbailte móra agus i sráidbhailte an chontae a bhuíochas den tsamhlaíocht agus den chruthaitheacht atá i muintir an chontae.
Tá de chuspóir leis an bPlean Ealaíne Contae deiseanna a thabhairt do dhaoine a bheith páirteach i gcúrsaí ealaíne; cur le saol na leanaí agus le saol na ndaoine óga trí bhearta ealaíne; fónamh d'ealaíontóirí i rith gach céim dá ré gairme atá ag saothrú cineálacha éagsúla ealaíne agus cuidiú leo saothar ardchaighdeáin a chruthú i gcomhthéacsanna éagsúla; agus infheistíocht straitéiseach inbhuanaithe i ngnéithe infreastruchtúir de réimse na healaíne a thabhairt chun cinn.
Déanann an Oifig Fiontair Áitiúil an sárfheabhas agus an nuáil a chur chun cinn maidir le ceardaíocht, dearthóireacht agus ealaín na linne seo le bearta cúnta éagsúla do ghnólachtaí in earnáil na cruthaíochta ar fud an chontae.

Is spás ealaíne saintógtha Ionad Ealaíne Ros Comáin atá dírithe ar chlár imeachtaí atá beo, bríomhar, ardaidhmeannach a chur i láthair trína gcothaítear lucht spéise maidir le cúrsaí ealaíne agus trína soirbhítear d'fhorbairt na healaíne i  gContae Ros Comáin féin.  Tá de mheon maidir leis an ionad go dtuigtear gurb é ról an ealaíontóra atá lárnach i bpróiseas na healaíne agus cuirtear bearta cúnta le chéile a oireann do chéimeanna uile ré gairme an ealaíontóra le deiseanna breise san ionad.  Tá buntábhacht leis an gcruthaitheacht freisin sna príomhárais cultúir eile de chuid na Comhairle, Teach King agus Ionad Dhubhghlas de hÍde.

Cuirtear deis agus tuiscint ar oidhreacht Ros Comáin i lár an aonaigh maidir le cúrsaí cultúir i Ros Comáin.  Feictear gur gné lárnach den rath ar an gcontae an oidhreacht agus leagtar béim uirthi maidir le forbairt chultúir.  Leagtar amach an aisling i bPlean Oidhreachta an chontae maidir le teacht níos furasta agus tuiscint níos grinne ar ghnéithe uile na hoidhreachta i Ros Comáin, an timpeallacht foirgníochta chomh maith leis an dúlra.  Chomh maith leis an aird ar an timpeallacht foirgníochta agus an dúlra, ar an mbithéagsúlacht agus ar bhearta staidéir allamuigh, cuirtear meas, tuiscint agus taitneamh chun cinn sa Phlean mar mhodhanna le feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag an saoránach.

Tá Seirbhís Leabharlannaíochta an chontae beartach bríomhar ag freastal do riachtanais cultúir, oideachais, caitheamh aimsire, faisnéise agus foghlama na ndaoine, idir óg agus aosta, ar fud an chontae agus féachtar le seirbhís chuimsitheach ar ardchaighdeán atá nua-aimseartha agus áisiúil, a chur ar fáil agus a thabhairt chun cinn. Feidhmítear mar lárfhoinse eolais agus faisnéise, mar acmhainn maidir leis an gcultúr, an léitheoireacht agus an tsamhlaíocht, mar acmhainn ag leanaí agus ag daoine óga, mar dheis teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a thapú, mar thaisce thábhachtach cartlannaíochta, mar ionas taighde maidir le léann an cheantair, mar áis bharrthábhachtach pobail agus mar spás poiblí le haghaidh réimsí éagsúla. Is gné thábhachtach an tSeirbhís Leabharlannaíochta maidir le forbairt eacnamaíochta, cultúir agus shóisialta an chontae.

Tríd an gclár Éire Ildánach i Ros Comáin 2018–2022, rinneadh ceiliúradh i Ros Comáin ar roinnt de phríomhphearsaí an chultúir, ina measc Roderic O'Conor 1860–1940, ealaíontóir; Dubhghlas de hÍde 1860–1949, an chéad Uachtarán, fear léinn, teangeolaí agus scoláire Gaeilge; Aleen Cust 1868–1937, an chéad tréadlia mná in Éirinn agus sa Bhreatain; Margaret (Gretta) Cousins 1878–1954, bean feachtaisíochta ar mhaithe le ceart vótála na mban, bean oideachais, ceoltóir agus diasamh; Brian O'Doherty 1928, ealaíontóir, criticeoir, scríbhneoir agus fear léinn; John McGahern 1934–2006, scríbhneoir; Erwin Springbrunn 1939–2015, máistir órcheardaíochta & seodóireachta. Leanfar faoi chlár 2023–2027 d'aird a dhíriú ar shaol agus ar shaothar phearsaí cultúir i Ros Comáin, idir phearsaí stairiúla agus dhaoine de chuid na linne seo, i gcomhthéacs an téama An Duine, an Áit, an Saothar agus an Comhar.

## Saol na Cruthaitheachta: Léargas ar an tionchar a bhí ag tograí éagsúla faoi Éire Ildánach i gContae Ros Comáin 2018–2022

*"Bhí an-spéis agam riamh sa stair áitiúil.  Is é a shílim go bhfuil de dhualgas ar dhuine stair a dhúiche féin a chaomhnú agus níl bealach is fearr leis an dearmad a sheachaint ná na modhanna sin a chuireann beocht sa stair. Chuir an tionscadal seo ar mo chumas scéalta na nglúnta a tháinig romhainn a chur síos ina gcuid cainte féin sula ligfí i ndearmad iad. Ceiliúradh ar chultúr agus ar sheanghnásanna na dúiche a bhain le Fir na Búille agus ba mhór an sásamh dom páirt a bheith agam i gcaomhnú na scéalta seo do na glúnta atá le theacht. Cistíocht faoi Éire Ildánach a thug deis dom seo a dhéanamh."*

**Anna Robertson, Úna Bhán Tourism**

*"Sa bhliain 2020, tugadh cistí dom a chuidigh liom leabhar faisnéise a chur le chéile le grianghrafanna de thraidisiún tionscal na mósáic i Ros Comáin.  Díoladh an chéad chuid a cuireadh i gcló taobh istigh de mhí.  Cuireadh a thrí oiread i gcló ina dhiaidh sin mar gheall ar an nglaoch a bhí ar an saothar.  Bhí aird á thabhairt sa leabhar ar réimse den stair áitiúil a raibh neamhaird á dhéanamh de le tamall fada blianta. D'fhág an chistíocht gurbh fhéidir dul i gcomhar le scríbhneoir as an áit agus, ag obair as lámha a chéile, d'éirigh linn saothar a chur ar fáil arb é a chéad tuairisc i scríbhinn é ar an tionscal seo.  Tháinig toradh agus atoradh ar an saothar nuair a cuireadh faoi agallamh mé ar RTÉ Radio One agus, le gairid, nuair a rinne  BYOC Films gearrscannán faisnéise faoi scéal an leabhair. Tá an leabhar ar díol sna siopaí áitiúla agus ar fáil freisin i Leabharlann Edward Murphy sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus i leabharlanna áitiúla.*

*Nuair a d'éirigh chomh maith leis an gcéad deontas sin, bhí de mhisneach agam cur isteach ar an dara ceann faoin ngairm scoile maidir le Críonna Ildánach i mí Aibreán 2021. Leis an gcistíocht sin, d'oibrigh mé go dlúth leis na marglanna áitiúla agus nasc mé caidreamh le daoine aosta a bhíodh páirteach i saol na marglann sin.  Bhí oiread den ádh orm gurbh fhéidir labhairt le cuid de lucht na feirmeoireachta in ionaid éagsúla, ina dtithe cónaithe, amuigh ar an talamh, sa mharglann agus in árais altranais.  Rinneadh ábhar fuaime a thaifeadadh ón dream seo agus a chnuasach;*

*b'shin é príomhchuspóir an togra. Bhí leagtha amach go mbaileofaí cuimhne cinn agus scéalta na ndaoine agus go spreagfaí léargas ar shaol na feirme san am atá caite agus sa lá atá inniu ann. Cuireadh sin, maille le bailiúchán grianghrafanna, i láthair in Ionad Ealaíne Ros Comáin i mí Márta 2022. Braithim gur tháinig forbairt ar an ngnás oibre agam, go ndeachaigh mé in aibíocht a bhuíochas de na deontais agus den chistíocht. Fágann sin mise agus ealaíontóirí eile in acmhainn saothar a chruthú agus a chur ar taispeáint a bhaineann le dream faoi leith agus leis an gcaoi a dtéann siadsan i bhfeidhm ar an bpobal i gcoitinne."*

**Laura Earley, Ealaín don tSúil**

*"Más é dearcadh an duine gur soitheach atá ann inar féidir smaointe den uile chineál a chruinniú, beidh an té sin sásta an soitheach a chroitheadh agus glacadh lena dtagann dá bharr; sílim gur oiriúnach go maith an chruthaitheacht mar théarma ar a thoradh sin."*

**Caint a rinne Erwin Springbrunn**
— Máistir Órcheardaíochta & Seodghearrthóir, Hidden Gem Exhibition, Teach King, Mainistir na Búille

*"Rugadh mise i mbaile ar a dtugtar Nazreth san Aetóip. Bhí mo mhuintir ag iarraidh orm cúrsa staidéir a dhéanamh faoi ábhar éigin eile, tuigeann tú, cúrsa oideachais a bhfaighinn post "ceart" ina dhiaidh, an cineál a n-íocfaí luach saothair leat. Dochtúireacht, nó píolótaíocht, rud éigin den chineál sin–an gnáthrud. Ansin tháinig acadamh damhsa Mekuria as Addis Ababa go dtí an baile sin againne, bhí tástálacha ar siúl agus ghlac siad liomsa. Cuireadh faoi oiliúint muid, bundamhsa bailé, snagdhamhsa, damhsa comhaimseartha na hAfraice, damhsa traidisiúnta na hAetóipe, gach uile chineál. Agus bhí mise an-tógtha leis an damhsa, shocraigh mé ansin nach mian liom aon ní eile a dhéanamh ach é. Agus nuair a shocraigh mé sin, agus nuair a chonaic m'athair agus mo mháthair mé, bhí siadsan breá sásta freisin. Is í an chomhairle a chuir siad orm: bí cinnte go bhfuil tú go maith chuige. Bí cinnte gurb é an rud ceart agat sa saol é. Bhí mé ag cuardach áiteanna ansin a bhféadfainn breis staidéir a dhéanamh iontu. Luaigh cara Éire liom, agus bhí eolas agam ar dhamhsóirí as Éirinn, John Scott agus Liz Roche. Ansin tháinig dream ó Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Damhsa i Luimneach amach don Aetóip, leis an Ollamh Helen Phelan agus a fear céile, Míchéal Ó Súilleabháin, go ndéana Dia trócaire ar a anam. Bhí ceolchoirm ar siúl acu. Ba é sin an chéad uair agam bualadh leosan, agus chuidigh siad liom. Tháinig mé go Luimneach sa bhliain 2016 agus ghnóthaigh mé céim Máistreachta sa bhliain 2018. Tá mé i mo chónaí anois i Ros Comáin. Bainim le dhá theaghlach, teaghlach san Aetóip agus teaghlach anseo in Éirinn. Tá mé pósta le bean as Ros Comáin.*

*Is breá liom Éire. Tá an t-ádh orm dáiríre. Tá deis agam oibriú i mo dhamhsóir. Tá compántas damhsa agam féin. Nuair a bhíonn saothar á chruthú agam, fágaim faoin bpróiseas cruthaitheachta é. Ní mian liom rud ar bith a chur ann d'aon ghnó ná in aon turas. Is mian liom ligean leis an bpróiseas agus seiceáil ina dhiaidh sin ar toradh maith a tháinig air.*

*Éirím ar maidin, bainim searradh agus síneadh as na matáin agus tugaim faoin lá. Bricfeasta agus ansin teachtaireachtí ríomhphoist a fhreagairt. Tá mé ar Phainéal Ealaíontóirí Ros Comáin freisin. Bíonn ar an damhsóir an cholainn a choinneáil súpláilte agus eile. Déanaim ióga, searradh agus síneadh, tobghleacaíocht. Is breá liom scannáin agus ligim scíth freisin ag éisteacht le ceol. Is iontach an spreagadh an ceol. Uaireanta tugaim faoi deara rud i saothar ceoil nó i rith ranga, don chleachtadh, nó nuair a bhím ag ullmhú, i mbun gleacaíochta. Cloisim rud agus deirim liom féin gur breá é sin, go n-oirfeadh sé do rang áirithe, nó do scoil faoi leith. Ligim mo scíth freisin le damhsa. Nuair atá mise ag damhsa, tá ríméad orm, airím saoirse iontach. Ligim scíth agus ligim mo racht. Nuair atá mé ag damhsa, an uile ní a tharla dom i mo shaol, maith agus olc, má chuir duine áthas orm, nó fearg, ligim sin uilig le sruth. Sin é an fáth ar breá liom damhsa."*

**Mintesinot Wolde, Damhsóir**
— Agallamh le Gemma Tipton, What I Do, The Irish Times 8/10/2022




Laura Earley Traidisiún Mósáice Ros Comáin 2020




Oscailt an Hidden Gem Exhibition, An tAire & Doris Selz Márta 2022. **Grianghraf:** Brian Farrell

# 3 Aisling Ros Comáin maidir le hÉire Ildánach

**Ros Comáin: Cruthaitheacht na hÁite: Daoine Ildánacha**

Tá an Aisling maidir le hÉire Ildánach i Ros Comáin ag teacht le Plean Corparáide Chomhairle Chontae Ros Comáin 2019–2024 ina leagtar amach aidhmeanna na Comhairle maidir le trí cinn de phríomhchuspóirí: Caighdeán an tSaoil agus dea-bhail an duine; Forbairt eacnamaíochta agus forbairt pobail; Seirbhís ardchaighdeáin do na daoine.

Luaitear ar na príomhchuspóirí i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Ros Comáin 2016–2021 a dheimhniú go mbíonn páirt mhór ag earnáil na healaíne agus na cruthaitheachta i bhforbairt oidhreachta, cultúir agus pobail Chontae Ros Comáin. Is cuspóir sin a fheicfear arís sna Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail as seo amach ó tharla gur gné thábhachtach maidir le lucht gnó agus grúpaí pobail i Ros Comáin forbairt na healaíne agus na cruthaitheachta.

Tá ionadaíocht ar Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Ros Comáin maidir le príomhsheirbhísí na n-údarás áitiúil, ina measc seirbhísí ealaíne, leabharlannaíochta, oidhreachta, turasóireachta, pobail agus fiontair. Táthar den tuairim nach ina stad a bhíonn cultúr, go mbíonn athrú agus síorathrú air. Creidtear gur cheart teacht a bheith go háisiúil ag an uile dhuine ar thorthaí na gclár. Creidtear go láidir sa chomhar agus tuigtear gur gá acmhainní agus smaointe a chur i bpáirt agus deiseanna a chruthú don uile dhuine ionas go mbíonn páirt ag an uile dhuine i múnlú an chontae.
Ealaíontóirí, scríbhneoirí agus daoine eile den lucht cruthaitheachta a chuireann dúchas na ndaoine ar fad i láthair sa scéalaíocht, san amhránaíocht, sa damhsa, le deasghnátha, le ceiliúradh agus le comóradh. Le hÉire Ildánach, admhaíonn Comhairle Chontae Ros Comáin an ceangal idir an chruthaitheacht, an rannpháirtíocht, an áit agus an duine. Tugtar deis faoin straitéis seo iléagsúlacht guthanna agus cineálacha den chur in iúl a spreagadh ionas go dtagann smaointe nua chun cinn agus athshamhlú ar sheanscéalta.

Bhí páirt mhór ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Ros Comáin maidir le leagan amach na straitéise seo mar a bheidh lena thabhairt i gcrích, ag obair leis an bpobal i gcomharsanachtaí éagsúla agus leis an lucht cruthaitheachta d'fhonn nuálaíocht agus cruthaitheacht a chothú an tráth céanna a gcinntítear comhionannas, iléagsúlacht agus comhtháthú. Déanfaidh an mheitheal maoirseacht ar chur chuige comhleanúnach i ndáil le cothú agus forbairt an chultúir agus cláir a leagan amach atá i gcomhréir le haidhmeanna phleananna agus straitéisí an chontae, go háirithe an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus an aisling maidir le hÉire Ildánach.



# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** – Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** – Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh Pobail Ildánacha de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** – Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** – Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

Franziska Lienberger–Craft Call,
Spreagagh Iúil 2020.
Grianghraf féin.

# 5 Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Ros Comáin

## An Duine : An Áit : An Saothar : An Comhar

Rinneadh príomhchuspóirí straitéise Ros Comáin a leagan amach trí athbhreithniú, mapáil fhorleitheadach agus cruinniú faisnéise a dhéanamh bliain i ndiaidh bliana maidir lena ndearnadh agus lenar baineadh amach i ndáil le gach tionscadal a cuireadh i gcrích faoi Straitéis 2018–2022. Déantar foráil do chomhar páirtnéireachta trína gcuirfear bonn treise faoi thograí mórscála a leagan amach, a thabhairt chun cinn agus a chur i gcrích as seo go ceann na cúig bhliana 2023–2027 sa chaoi is go dtéann siad i gcion agus go maireann a dtionchar ina dhiaidh sin le haird ar an dlúthbhaint atá ag cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta i gContae Ros Comáin.

Tá leagtha amach go gcothóidh an bhéim straitéiseach ar na príomhchuspóirí seo comharobair leanúnach agus smaointeoireacht ardaidhmeach. Beidh bunaidhm le gach togra (e.g. áit cruthaitheachta a thógáil), ach ní mór gnéithe na ndaoine, na ngnás saothraithe agus na páirtnéireachta a bheith ag rith le leagan amach an togra agus lena thabhairt i gcrích.

Go bunúsach, ní mór nuair a bhíonn tograí agus bearta á dtabhairt i gcrích faoin gcolún maidir le Pobal Ildánach, toradh i ndáil leis an bpobal agus le tionchar ar an bpobal gach bliain a bheith ceangailte leo nó in imeacht roinnt blianta i gcás tograí forbartha.

### Príomhchuspóir 1: Cruthaitheacht an Phobail

Treisiú le tograí trína ndéantar ardaidhmeanna lucht na cruthaitheachta a chothú, scileanna cruthaitheachta a fhorbairt agus craobhchórais caidrimh a chruthú, agus príomhthábhacht a leagan ar na gnéithe seo a leanas:

- Leanaí agus Ógánaigh Ildánacha: Deiseanna, i gcórais fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, do leanaí agus do dhaoine óga leas a bhaint as a gcuid samhlaíochta chun smaointe nua a thabhairt chun cinn le béim faoi leith ar *Chruinniú na nÓg.*
- CARE Críonna Ildánach i Ros Comáin: Tograí trína gcuirtear le saol fiúntach ag daoine aosta.
- An lucht cruthaitheachta: Éagsúlacht pearsaí agus modhanna cur i láthair a spreagadh agus a chothú, óna n-eascródh smaointeoireacht nua agus athshamhlú ar sheanscéalta.
- Nuáil: An feabhas, an nuáil agus an deis ar chruthaitheacht chomhaimseartha sa chontae a chothú agus a chomóradh.
- Meas, cúnamh agus fáilte i ndáil le gach pearsa agus gach cultúr sa chontae.

### Príomhchuspóir 2: Cruthaitheacht na hÁite

Tograí a chothú, a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích trína mbaintear leas as cruthaitheacht dhreamanna i gceantar faoi leith nó maidir le réimse spéise faoi leith agus trína ndéantar ceiliúradh air ar bhealach a thugann an pobal le chéile i mbun a gcuid scileanna agus cumais a shaothrú ar mhaithe le hardaidhmeanna a bhaint amach, agus béim ar nithe mar seo a leanas:

- Páirtnéireachtaí trína neartaítear acmhainn an údaráis áitiúil cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a shlánchóiriú le bearta athbheochana, athnuachana agus forbartha ar mhaithe le háiteanna níos bríomhaire, níos cruthaithí agus níos inmharthana.
- Deiseanna ag daoine gnéithe den chultúr agus den chruthaitheacht a thapú go háitiúil ar bhealaí a threisíonn le comhionannas áiseanna.
- Cláir a leagan amach agus forbairt infreastruchtúir a dhéanamh maidir le hionaid cultúir, féilte, imeachtaí agus spásanna faoin aer i measc an phobail ionas go mbíonn lárphointí cruthaitheachta ar fáil sa chomharsanacht inar féidir le daoine ábhar cruthaitheachta ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a thaithí.
- Plé a spreagadh maidir leis an athrú aeráide ionas go gcothaítear bearta cruthaitheachta tairbheacha.
- Cláir trína ndéantar ceiliúradh ina n-áit féin ar shaol agus ar shaothar phearsaí iomráiteacha as Ros Comáin i réimsí an chultúir .

### Príomhchuspóir 3: Saothar Ildánach

Tograí a chothú, a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích faoina saothraítear an chruthaitheacht agus atá dírithe ar shaothrú ealaíne i measc an phobail, ar fhorbairt ghairmiúil agus ar ghairm ré inbhuanaithe a chruthú, le béim ar na nithe seo a leanas:

- Cúnamh do dhaoine agus do ghnólachtaí áitiúla atá i mbun cruthaitheachta ionas gur féidir an saothrú agus an gnó a choinneáil ar bun, a fhorbairt agus a chothú trí choimisiúnú, meantóireacht, forbairt scileanna, oiliúint, dearthóireacht, brandáil agus margaíocht, agus scrúdú a dhéanamh ar an leas a d'fhéadfadh a bheith ag gnólachtaí "neamhchruthaitheachta" as cruthaitheacht dhaoine san áit.
- Ceannródaithe áitiúla a chothú i gcúrsaí cruthaitheachta agus ealaíne bunaithe ar chultúr agus ar chruthaitheacht shainiúil an chontae.
- Spásanna oibre don chruthaitheacht a fhorbairt.
- Seirbhís bhríomhar leabharlannaíochta lena ndéantar soláthar do riachtanais cultúir, oideachais, caitheamh aimsire, taighde agus faisnéise chomh maith le spásanna a chur ar fáil do shaothrú na cruthaitheachta.

### Príomhchuspóir 4: Comhar Páirtnéireachta

Tograí a chothú, a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích trína gceanglaítear comhar páirtnéireachta neamhchoitianta idir gníomhaireachtaí, daoine agus dreamanna ar mhaithe le scála, toradh agus aidhmeanna níos suntasaí a thabhairt i gcrích i mbun cruthaitheachta agus le béim faoi leith ar nithe mar seo a leanas:

- Comhar páirtnéireachta lena mbaintear leas breise as an gcur chuige slánchóirithe atá i bhfeidhm ag an Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta maidir le cláir áirithe comharoibre a thabhairt i gcrích.
- Comhar páirtnéireachta trína ndéantar infheistíocht i gcúrsaí cultúir agus cruthaitheachta ar mhaithe le haidhmeanna timpeallachta, sóisialta agus eacnmaíochta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Comhar Páirtnéireachta Pobail ar mhaithe le forbairt ar an acmhainn cultúir i ndáil le tograí cruthaitheachta a phleanáil, a leagan amach, a thabhairt i gcrích agus a reáchtáil ar an leibhéal áitiúil sa chaoi is go spreagtar rannpháirtíocht go háitiúil.
- Ceiliúradh ar an bPáirtnéireacht trí thorthaí tograí a chraobhscaoileadh go forleathan ar láithreáin gréasáin áitiúla agus náisiúnta a bhaineann le hábhar, sna meáin chumarsáide, i leabharlanna, i gcoistí, PPN, LCDC, Meithle Bailte, foilseacháin agus meáin dhigiteacha.

Bíonn de rún leis an gclár Éire Ildánach ceangal níos dlúithe a nascadh idir daoine, ranna agus forais, dírithe ar dhea-bhail an duine, ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an bhforbairt eacnamaíochta. Tá an Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta den tuairim go gcinnteoidh na Príomhchuspóirí Straitéise seo go mbíonn cur chuige comhleanúnach i bhfeidhm maidir le cúrsaí cruthaitheachta agus sin faoi anáil aidhmeanna na hAislinge maidir le hÉire Ildánach i Ros Comáin– Cruthaitheacht na hÁite: Daoine Ildánacha.

# 6 An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Ros Comáin

Tá Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ar bun ag Comhairle Chontae Ros Comáin maidir le stiúir agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo.

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Ros Comáin chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air. Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;

— Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.


— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus

— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh–tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

An Stiúrthóir Seirbhíse agus baill den Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle Chontae Ros Comáin, lena n-áirítear Ealaín, Oidhreacht, Turasóireacht, Leabharlannaíocht, Cuimsiú Sóisialta agus an Oifig Fiontair Áitiúil, atá chun tosaigh maidir leis an straitéis a thabhairt i gcrích.

Áirítear na struchtúir agus na próisis seo ar na tosca cinniúnacha maidir le príomhchuspóirí straitéise i ndáil le *Pobal Ildánach* i Ros Comáin a thabhairt i gcrích.

## Mapa de Ros Comáin / Ceantair Bardais



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*